# Clár na dToghthóirí

## Iarratas ar vóta poist
do chomhaltaí den Gharda Síochána

**Tá sé níos éasca ar líne!**

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.

**www.seiceáilanclár.ie**

An aidhm atá ag an bhfoirm seo ná cabhair a thabhairt do chomhaltaí den Gharda Síochána atá ar Chlár na dtoghthóirí cheana féin iarratas a chur isteach d'iontráil ar liosta na bpostvótálaithe. Féadfaidh comhaltaí den Gharda Síochána an fhoirm seo a roghnú chun iarratas a chur isteach ar vóta poist.

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait. Inseoimid duit conas agus cén fáth a n-úsáidimid do chuid faisnéise pearsanta ar leathanach 2. Leigh an t-eolas seo le do thoil, chun cuidiú leat an fhoirm seo a líonadh.

**Líon an fhoirm seo i MBLOCLITREACHA, le do thoil**

## 1 Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir PSP

Dáta breithe L L M M B B B B

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Seoladh baile

Éirchód

Céim agus uimhir Gharda

## 2 Sínigh anseo agus cuir ar ais chuig d'údarás áitiúil

Dearbhaím gur comhalta den Gharda Síochána mé agus gur mian liom a bheith cláraithe mar vótálaí poist.

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- cruinn, agus
- comhlánaithe.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta L L M M B B B B

# Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí. Féadfaidh tú seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag **www.seiceáilanclár.ie**.

Is féidir **www.seiceáilanclár.ie** a úsáid freisin chun:

- clárú chun vóta a chaitheamh;
- do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós UPSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Más ball den Gharda Síochána thú, is féidir leat vóta a chaitheamh i láthair go pearsanta, nó tríd an bpost, mar shampla má tá tú ar dualgas as baile ar lá na vótála. Más ar liosta na Postvótálaithe thú, ní féidir leat vóta a chaitheamh i láthair go pearsanta ag d'ionad vótaíochta ar lá na vótála.

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh,
- go gcoimeádfar an clár cothrom le dáta,
- níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu..

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

## An dáta is déanaí chun Iarratas a fháil

Cé gur féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith, **má tá toghchán nó reifreann gairthe go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach bhfuil níos déanaí ná:

| Imeacht toghcháin | An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil |
|---|---|
| **Toghchán don Dáil** | Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála |
| **Fothoghchán Dála** | Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála |
| **Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann** | 22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) |

Ní féidir foirmeacha a fhaightear go déanach a mheas agus ní bheidh aon éifeacht acu don toghchán nó don reifreann sin.

## Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí. Is féidir í a chur sa phost ag baint úsáide as stampa caighdeánach..

## Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Más gá duit seoladh d'údaráis áitiúil a chuardach, is féidir leat é a fháil ar líne nó ceist a chur ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.